Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Aibreán 2015**
**(OR. en)**

**8331/15**

**FIN 314**
**TRANS 145**
**MAR 54**

**NÓTA ÍTIME "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta 01/2015 ón gCúirt Iniúchóirí:<br>- Glacadh na gConclúidí ón gComhairle |

1. An 3 Márta 2015, d'fhoilsigh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa Tuarascáil Speisialta Uimh. 01/2015 "Iompair d'Uiscebhealaí Intíre san Eoraip: Gan aon fheabhas suntasach tagtha ar gcion na gcóracha iompair ná ar dhálaí inseoltachta ó bhí 2001 ann".

2. De bhun na rialacha a leagtar síos sna Conclúidí ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar an scrúdú a dhéantar ar thuarascálacha speisialta de chuid na Cúirte Iniúchóirí[1], thug Coiste na mBuanionadaithe treoir don Mheitheal um Loingseoireacht, an 11 Márta 2015, an tuarascáil sin a scrúdú[2].

3. Scrúdaigh an Mheitheal um Loingseoireacht Tuarascáil Speisialta 01/2015 ina cruinnithe den 27 Márta agus den 24 Aibreán 2015 agus thángthas ar chomhaontú maidir leis na dréacht-Chonclúidí ón gComhairle mar a leagtar amach san Iarscríbhinn iad. Tá forchoimeádas parlaiminteach ag UK fós maidir leis an dréacht.

[1] 7515/00 FIN 127 + COR 1.
[2] 6916/15 FIN 189 TRANS 82 MAR 28.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe téacs na ndréacht-Chonclúidí ón gComhairle atá i gceangal leis seo a fhormheas agus a thíolacadh chun a ghlactha mar mhír "A" ag ceann de chruinnithe na Comhairle amach anseo.

**IARSCRÍBHINN**

**DRÉACHT-CHONCLÚIDÍ ÓN GCOMHAIRLE**

**maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 01/2015 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa**

**"Iompar d'Uiscebhealaí Intíre san Eoraip: Gan aon fheabhas suntasach tagtha ar gcion na gcóracha iompair ná ar dhálaí inseoltachta ó bhí 2001 ann"**

1. Tugann an Chomhairle dá haire an Tuarascáil Speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa Uimh. 01/2015 maidir le hiompar d'uiscebhealaí intíre. Go háirithe, tugann an Chomhairle dá haire go meastar, sa Tuarascáil Speisialta, nár cuireadh straitéisí iompair d'uiscebhealaí intíre chun feidhme ar bhealach éifeachtach agus nach raibh na tionscadail a comhchistíodh ó bhuiséad an Aontais Eorpaigh éifeachtach ó thaobh feabhas a chur ar inseoltacht agus ó thaobh méid an tráchta ar uiscebhealaí intíre a mhéadú, de bharr a theoranta a bhí líon na dtionscadal a mholl na Ballstáit agus a chuir siad i bhfeidhm.

2. Is díol sásaimh ar an mórgóir don Chomhairle an tuarascáil ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa. Is den tábhacht é go gcuirfí an t-iompar d'uiscebhealaí intíre chun cinn mar chuid de bheartas iompair an Aontais agus tugann an tuarascáil faisnéis luachmhar don Chomhairle le haghaidh na díospóireachta beartais.

3. Measann an Chomhairle go bhfuil dálaí an mhargaidh d'earnáil na n-uiscebhealaí intíre go thar a bheith dúshlánach. Leis an athstruchtúrú tionsclaíoch, is lú anois an t-éileamh ar na bulctháirgí a iompraíodh go traidisiúnta d'uiscebhealaí intíre; bíonn an t-iompar d'uiscebhealaí intíre mall; agus ní féidir táirgí a sheachadadh go doras an cheannaitheora ach amháin i ndálaí eisceachtúla. Agus leanann an t-iompar de bhóthar de bheith go thar a bheith iomaíoch i gcónaí. Fós féin, measann an Chomhairle go bhfuiltear tar éis móiminteam dearfach a chruthú leis na hiarrachtaí a rinneadh sa bheartas le deich mbliana anuas chun aistriú córa iompair a spreagadh i bhfabhar an iompair d'uiscebhealaí intíre. Gan na hiarrachtaí sin a rinneadh chun an t-iompar d'uiscebhealaí intíre a spreagadh, seans gur go mór in olcas a bheadh cion na gcóracha iompair imithe anois in ionad an mhéaduithe bhig a léirítear sna staitisticí. Dá bhrí sin, creideann an Chomhairle gur cheart go ndéanfaí éifeachtacht na mbeart a mheas trí anailísí stóinsithe**,** ina gcuirfí san áireamh tionchar na mbeartas iompair ar thaobh amháin agus tionchar na gclaontaí ginearálta eacnamaíocha agus sochaíocha ar an taobh eile.

4. Measann an Chomhairle go gcabhraítear go mór le bonneagar na n-uiscebhealaí intíre a fhorbairt trína fháil réidh le scrogaill tráchta. Fós féin, is iondúil níos mó ná an t-aon scrogall tráchta amháin ar aon chonair d'uiscebhealaí intíre, agus is ann do chásanna nach mbeidh tairbhe iomlán na n-infheistíochtaí le feiceáil iontu go dtí go mbeidh na scrogaill ar fad imithe. Sa chomhthéacs seo, ba cheart na himthosca sonracha a chur san áireamh, ach ba cheart a chur san áireamh freisin go bhféadfadh an t-idirspleáchas idir tionscadail éagsúla a bheith i gceist freisin.

5. Aontaíonn an Chomhairle go bhféadfaí gníomhartha beartais a mhionchoigeartú a thuilleadh fós. Tugann an Chomhairle na moltaí ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dá haire mar aon le freagraí an Choimisiúin ina leith.

6. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé go dtabharfaí tosaíocht do thionscadail áirithe má táthar chun na torthaí is fearr a bhaint amach leis an mbeartas, i bhfianaise a theoranta atá an cistiú. Measann an Chomhairle gur creat do shocrú sin na dtosaíochtaí é coincheap na gcroí-chonairí greásáin.

7. Ar deireadh, deimhníonn an Chomhairle gur uirlis ríthábhachtach í cothabháil na n-uiscebhealaí intíre chun dálaí maithe inseoltachta a chaomhnú. Mar sin féin, tá costas mór eacnamaíoch ag roinnt le pleanáil agus cur i bhfeidhm chothabháil sin na n-uiscebhealaí. Cuireann an Chomhairle in iúl an athuair gur trí bhuiséid na mBallstát go príomha a dhéantar na gníomhartha sin a mhaoiniú agus nach mbeadh sé ag teacht le bunphrionsabail bheartais an Aontais ceanglais a leagan síos arb é a mbeadh mar thoradh orthu go fadteármach gealltanais bhuiséadach. Dá ndéanfaí na gníomhartha cothabhála a chuimsiú ar bhealach níos ginearálta laistigh den tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, dreasacht bhreise a bheadh ansin do chothabháil a dhéanamh ar na huiscebhealaí intíre.